C/2025/346

14.1.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11787 – ARES / GCP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/346)

1. An 6 Eanáir 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Ares Management Corporation ('Ares', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— GLP Capital Partners ('GCP', Singeapór).

Gheobhaidh Ares rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar GCP ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá ceanncheathrú Ares i California, Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus is bainisteoir infheistíochta malartach domhanda é a thairgeann réitigh infheistíochta príomhúla agus tánaisteacha chomhlántacha do chliaint ar fud na n-aicmí sócmhainní creidmheasa, cothromais phríobháidigh, eastáit réadaigh agus bonneagair.

— Is gnó bainistíochta sócmhainní domhanda de chuid Global Logistics Partner é GCP. Is bainisteoir infheistíochta malartach é GCP atá dírithe go príomha ar réadmhaoin lóistíochta, ar bhonneagar digiteach agus ar an bhféinstóráil, agus díríonn sé ar an Áise, ar an Eoraip, ar na Stáit Aontaithe agus ar an mBrasaíl den chuid is mó.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11787 – ARES / GCP

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË